**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000102/2018**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Renate Sommer, Pavel Poc, Mark Demesmaeker, Catherine Bearder, Keith Taylor, Stefan Eck, Julia Reid, Joëlle Mélin**
thar ceann An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: An trádáil neamhdhleathach in ainmhithe coimhdeachta in AE.

Déantar líon suntasach ainmhithe coimhdeachta a thrádáil go neamhdhleathach ar fud na mBallstát gach bliain, go minic de shárú ar reachtaíocht AE maidir le gluaiseacht peataí (Rialachán (AE) Uimh. 576/2013), ar reachtaíocht í atá beartaithe le haghaidh gluaiseacht neamhthráchtála peataí. Ba cheart gluaiseacht tráchtála ainmhithe thar teorainneacha a dhéanamh faoi Threoir 92/65/CEE ón gComhairle.

Bíonn impleachtaí diúltacha ag gáinneáil ainmhithe coimhdeachta ar shláinte an phobail, ar leas ainmhithe agus ar chosaint tomhaltóirí. Tá an gháinneáil ar ainmhithe anois ina príomhfhoinse ioncaim don choireacht eagraithe idirnáisiúnta agus déanann sí difear freisin d'oibriú rianúil mhargadh inmheánach AE trí chaillteanas cánacha agus trí iomaíocht mhíchothrom a chruthú, go háirithe leis an méadú ar ainmhithe coimhdeachta a dhíol ar líne, ar díol é atá rialáilte go holc ar bhonn náisiúnta agus faoi dhlí AE araon. Go deimhin, measann roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha go bhféadfadh póraitheoir neamhdhleathach a bhfuil madraí pórúcháin á ndíol aige thar teorainneacha brabús de bhreis agus EUR 100 000 a bheith á dhéanamh aige in aghaidh na bliana.

1. Cathain atá sé beartaithe ag an gCoimisiún plean gníomhaíochta trasearnálach AE a ghlacadh chun dul i ngleic leis an trádáil neamhdhleathach in ainmhithe coimhdeachta in AE?

2. An bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, trí ghníomh tarmligthe faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, togra a chur chun cinn le haghaidh córais mhionsonraithe agus chomhoiriúnacha i dtaca le cait agus madraí a shainaithint agus a chlárú i mbunachair sonraí sna Ballstáit, ar bunachair sonraí iad ar cheart dóibh a bheith nasctha trí ardán AE?

Curtha síos: 17.9.2018
Curtha ar aghaidh: 19.9.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 26.9.2018